

## Gné 4: Cleachtas Gairmiúil

### Gníomhaíocht C: Cleachtas machnamhach

Ceann de na príomhscileanna a bhíonn de dhíth ar chleachtóir luath-óige is ea a bheith ábalta machnamh criticiúil a dhéanamh ar a c(h)leachtas féin. Trí mhachnamh d'aon turas a dhéanamh ar eispéiris laethúla le leanaí agus le teaghlaigh, cabhraítear le cleachtóirí snas leanúnach a chur ar a gcleachtas. Ar an ábhar sin, cuirtear feabhas ar na torthaí d'fhoghlaim agus d'fhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga.

Chun machnamh a dhéanamh, bíonn spás agus am de dhíth ar chleachtóirí chun aird chriticiúil a dhíriú ar an spreagadh taobh thiar dá ngníomhartha – na smaointe, na mothúcháin, na príonsabail, na luachanna, an eitic, agus na teoiricí trína gcuirtear eolas ar fáil dá gcuid oibre ó lá go lá. Cabhraíonn an deis mhachnaimh seo le cleachtóirí tuiscint a fháil ar **an méid a dhéanann siad, an fáth** a ndéanann siad é, agus **an chaoi** a ndéanann siad é. Cuireann an cleachtas machnamhach lena bhféinfheasacht. Cabhraíonn sé leo freisin a bheith níos intinniúla sa ról atá acu tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt iomlánaíoch. B'fhéidir go n-aibhseodh sé na réimsí láidre den chleachtas, mar aon leis na réimsí a bhainfeadh leas as athruithe, mar shampla an bealach ina mbíonn siad ag obair le leanbh ag a bhfuil deacrachtaí airde. B'fhéidir go léireodh sé freisin réimsí ina mbeadh sé úsáideach eolas breise a fháil nó forbairt ghairmiúil a dhéanamh.

Is iomaí cineál machnaimh a bhíonn sa phróiseas lena n-áirítear smaoineamh nó labhairt faoin gcleachtas leat féin nó le daoine eile. D'fhéadfaí a chur san áireamh freisin dul siar ar dhoiciméid amhail breathnóireachtaí, grianghraif, físeáin, taifeadtaí gutha, nó féachaint ar dhialanna leanaí nó ar phunanna curaclaim agus machnamh a dhéanamh orthu. Is féidir machnamh a dhéanamh freisin mar fhreagairt ar reachtaíocht nó ar rialachán nua nó trí chuairt a thabhairt ar shuíomh eile. D'fhéadfaí an machnamh a spreagadh freisin le hoiliúint bhreise nó trí fhreastal ar sheisiún forbairt ghairmiúil leanúnach amhail comhdháil nó cruinniú gréasáin. Próiseas leanúnach is ea an cleachtas machnamhach, agus bíonn sé ina chuid lárnach den ghnáthamh laethúil.

Tagraítear don mhachnamh ar dhá bhealach go hiondúil:

- 1 **Machnamh i mbun gnímh**, maoineamh ar an toirt agus tú i mbun oibre leis na leanaí.
- 2 **Machnamh ar an ngníomh**, maoineamh tar éis an gnímh agus tú ag féachaint siar air.

Is ar an **machnamh ar an ngníomh** is mó a dhírítear sna gníomhaíochtaí sa chuid seo den Treoir Chleachtais. Cabhróidh Gníomhaíocht C leat machnamh a dhéanamh agus na nithe a spreagann do chleachtas reatha agus a théann i gcion air a aithint.

Le tosú, roghnaigh eispéireas nó idirghníomhaíocht laethúil ina mbíonn tú páirteach go rialta, mar shampla beannú do dhaoine, am sneaiceanna, gnáthamh cúraim, spraoi leis na leanaí, nó an t-aistriú idir gníomhaíochtaí. Agus tú ag díriú air sin, freagair na ceisteanna thíos chun measúnú criticiúil a dhéanamh ar an ról atá agat tacú le foghlaim agus le forbairt na leanaí – an méid a rinne tú.

## Machnamh ar an ngníomhaíocht

1.

**Ainmnigh an ghníomhaíocht, an idirghníomhaíocht nó an t-eispéireas laethúil, agus tabhair cur síos gearr ar an ról a bhí agat ann.**

2.

**Cén fáth a ndéanann tú an ról ar an gcaoi sin?**

3.

**Cé na buntáistí a bhaineann le rudaí a dhéanamh ar an gcaoi sin? (Smaoinigh ar na buntáistí duit féin, an leanbh nó na leanaí, an fhoireann, an bainisteoir agus tuismitheoirí.)**

**4. Cé na míbhuntáistí a bhaineann le rudaí a dhéanamh ar an gcaoi sin? (Arís, smaoinigh ar an gcleachtóir, an leanbh nó na leanaí, an fhoireann, an bainisteoir agus tuismitheoirí.)**

**5. An bhféadfá an ról atá agat a chomhlíonadh ar bhealach eile chun feabhas a chur ar an eispéireas do na leanaí? Cé na buntáistí a bhainfeadh leis sin?**